# Mná Dhún na nGall


Daoine ag freastal ar sheó sa tSrath Bán, 1911


Mná Castlegrove ag seilg, c1900



Muintir Boyton, c.1890


Dorothea Alice Wood Grove, 1861


Mary E. Boyton ag fuáil


Frances Judith Wood, 1861



Mrs Boyd as Leifear



Miontuairiscí Scoil Ibeirneach na mBan, 1844


Is iomaí bean a chónaigh agus a d'oibir i dtithe na dtiarnaí talaimh i gcontae Dhún na nGall. Bhí saol agus eispéiris na mban sin ag brath ar a stádas sóisiata agus a n-aicme. Na mná a saolaíodh i dteaghlaigh shaibhre mar mhuintir Boyton, agus muintir Montgomery as Teach Convoy nó na Stíobhardaigh as an Ardaidh, bhí siadsan ina gcónaí i dtithe galánta, d'fhostaigh siad searbhóntaí le hobair tí a dhéanamh, agus bhí caitheamh aimsire acu mar scríobh litreacha, obair shnáthaide, tarraingt agus ceol, chomh maith le taisteal, faisean, saol na n-uaisle agus tóir ar phósadh maith. Os a choinne sin, na mná a bhí sna tithe, iad sin a bhí ina gcailíní aimsire, cailíní cistine agus cailíní cúlchistine a bhí ag obair i dtithe na dtiarnaí talaimh, bhí a saol lán de dhualgais fhada leadránacha mar fáil agus iompar, níochán, lasadh tinte, cócaireacht agus freastal ar na mná uaisle sa teach.


Tá páipéir eastáit agus doiciméid i gCartlann Dhún nan Gall a thugann léargas ar shaol mhná Dhún nan Gall sa 19ú céad, lena n-áirítear muintir Steele Nicholson as Gleann Aola, muintir Montgomery agus muintir Boyton as Teach Convoy, muintir Grove as Garrán an Chaisleáin agus cuairteoirí saibhre éagsúla ar Óstán Ghaoth Dobhair Lord George Hill.

I measc ma n-aircíví atá sa taispeántas seo tá: portráidí ón 19ú céad de mhná as Conmhaigh, Garrán an Chaisleáin agus Leifear, ceol scríofa, doiciméad a bhaineann le Cumann Scoile Ban na mBan Ibeirneach, dán grá Vailíntín, tuairisc ar chuairt a thug mná Olphert ar Óstán Ghaoth Dobhair, agus sleachta as socraíocht phósta in 1834.



Dán Vailíntín (Steele Nicholsons)


Mná Olphert ag síniú leabhar Chuairteoirí Ghaoth Dobhair.


Socrúchán Pósta, 1834



Socrúchán Pósta, 1834


Cuireadh chuig bál



Fógrán do Cheolchoirm i gConmhaigh


Leabhar ceoil Maria Montgomery, anótáilte



Albam damhsa ó Theach Convoy, lár 19ú céad


Sliocht ó The Queen Magazine, 1902


Mary Boyton


An faisean is úire….bean anaithnid


Lady Isabella Stewart agus a hiníon, c1900


An faisean is úire…leanbh anaithnid


Mary F Boyton, 1861



Frances Mary Ellen Grove, 1890s

## Turas tríd an stair: Íomhánna as Cartlann Contae Dhún na nGall


Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Design+print browneprintersltd T: (074) 91 21387.


# Ard-Ghiúiré Dhún na nGall



Ard-Ghiúiré deireanach Dhún na nGall, 1899





Taifid an Ard-Ghiúiré, i ndiaidh cóiriú





Clúdach Chuntas an Chisteora

Údaráis áitiúla a bhí sna hArd-Ghiúiríí a bhí ann ó aimsir na Normannach. Bhí a Ard-Ghiúiré féin ag Contae Dhún na nGall, ina raibh úinéirí talaimh ar roghaigh sirriam an chontae iad. Ní raibh stádas corporáide ag Ard-Ghiúirí, d'urscaoil Breitheamh an tSeisiúin iad. Roimh gach seisiún, scairteadh seisiúin tuairiscí i ngach ceann de shé bharúntacht Dhún na nGall, áit ar measadh rúin le haghaidh oibre agus ar cuireadh faoi bhráid an Ard-Ghiúiré iad le haghaidh daingniúcháin. Ar na seirbhísí a tugadh agus ar íoc Tobhach an Ard-Ghiúiré astu, ráta iníoctha ag áitíitheoirí, bhí déanamh agus cóiriú bóithre agus droichead, tógáil tithe cúirte agus toibhiú le tacú le hospidéil cheantair, scoileanna agus príosúin.


Tá tuairiscí Ard-Ghiúiré Dhún na nGall ann go fóill ó 1753 go 1899. Ina measc tá conarthaí, taifid riaracháin agus airgeadais, rúin, miontuairiscí cruinnithe agus comhfhreagras. Rinneadh obair chaomhnaithe ar an bhailiúchán.
Ar na híomhánna sa taispeántas tá: tuairiscí, comhfhreagras, sliocht as tuarascáil Cisteora, agus 1899 aircíve a bhaineann leis an Chomhairle Dhún na nGall nuabhunaithe ag glacadh chucu feidhmeanna riaracháin an Ard-Ghiúiré. Chomh maith leis sin tá grianghraif de thaifid roimh an chaomhnú agus ina dhiaidh.



Sliocht as Tuarascáil Chisteoir an Ard-Ghiúiré , 1778





Clúdach chlár na Seisiún




Cuntais dhinnéar an Ard-Ghiúiré 1868




Taifid an Ard-Ghiúiré roimh chóiriú



Litir maidir le rún Ard-Ghiúiré, 1899



Sliocht as Seisiún 1795 lena n-áirítear conradh le haghaidh ateangaireacht ar Ghaeilge agus le príosúnaigh a iompar.



RESOLUTIONS

*Passed at a Meeting of Grand Jurors, Co. Donegal, 13th July, 1898, relative to the Personal Property of the Mess.*

That the Portraits of the Duke of Abercorn and Sir James Stewart be vested in Trustees, and liberty be asked of the County Council to allow these pictures to hang as hitherto on the walls of the large Dining Room. In the event of any difficulty arising in carrying out this intention, the Trustees are authorised to present them to the representatives of the respective families. 1

The Trustees shall be Major Hamilton, Captain Knox, and W. H. Boyd.

That the Silver, China, and Chairs should not be sold by public auction. 2


That the Silver, China, and Chairs be offered in lots to the Grand Jurors at the valuation made by Mr. Weir. If there are not sufficient lots to meet the demand, ballot must be resorted to. 3

That the ordinary Furniture be offered at a valuation to the County Council first, and if refused by them, that it be sold by public auction. 4


That a sum not exceeding £20 be set apart to get a piece of plate for presentation to John S. M'Cay, in recognition of his services during the past thirty years in connection with the Grand Jury Mess. 5

That the remainder of the money in bank, and the proceeds of the sales, be given to the County Infirmary to be applied to such purpose as we may hereafter determine upon. 6


Rún ón Ard-Ghiúiré maidir lena réadmhaoin, 1898




Ard-Ghiúiré, liosta de bhailitheoirí rátaí 1816



Sliocht as Seisiúin an Ard-Ghiúiré, 1793



Doiciméad dlí a chuireadh an tArd-Ghiúiré faoi bhráid an Ard–Leifteanaint faoi úinéireacht foirgnimh phoiblí, 1900



Sliocht as Seisiúin an Ard-Ghiúiré, 1845

## Turas tríd an stair: Íomhánna as Cartlann Contae Dhún na nGall


Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Design+print browneprintersltd T: (074) 91 21387.


# Toghcháin & na Toghchóirí



KENNY'S P.R. FRAMES FOR RETURNING OFFICERS' TABLES

Fógra faoi thoghcháin áitiúla, 1920



NOTICE OF POLL.
Name of Local Authority—LEITRIM COUNTY COUNCIL
Name of Electoral Area—Manorhamilton
ELECTION OF
COUNTY COUNCILLORS
NOTICE IS HEREBY GIVEN—

Fógra maidir le toghcháin áitiúla 1920



Leitir re: toghcháin, 1925


1918.
PARLIAMENTARY ELECTION.
STATUTORY DECLARATION OF SECRECY.


Dearbhú rúnda a ghlac oifigigh toghchán parlaiminte, 1918


Election of Rural District Councillors

Teailí ballóidí toghcháin, toghcháin rialtas áitiúil,1920


REGISTER
of
Dail Electors and Local Government Electors
for the year 1963-1964

Sliocht as clár toghthóirí Leitir Ceanainn, 1963 – 64


Fógra faoi Thoghcháin as Gaeilge, 1949


Chruthaigh an tAcht um Rialtas Áitiúil (Éire) 1898 Comhairlí Contae agus Comhairlí Ceantair Uirbigh agus Ceantair Thuaithe a toghadh go daonlathach den chéad uair riamh. D'oscail an tAcht vótáil do gach sealbhóir tí agus bean (le cáilíocht réadmhaoine) den chéad uair riamh.


Bhí Údaráis Áitiúla freagrach as toghcháin a bhainistiú ag leibhéal áitiúil agus leibhéal náisiúnta. Tá bailiúchán mór d'aircíví maidir le vótálaithe agus vótáil, lena n-áirítear taifid ar thoghcháin, cláir vótálaithe ó na 1880í agus na 1980óidí, póstaeir agus fógráin feachtais, leabhráin, páipéir bhallóide shamplacha, agus liostaí giúróirí.

Léiríonn an taispeántas earraí ó gach taobh den bhailiúchán ilghnéitheach seo, le híomhánna de chláir thoghchán, fógraí faoi vótáil, fógráin ó pháirtithe polaitíochta, torthaí toghcháin, doiciméid a bhaineann le tabhairt isteach córas vótála Ionadaíocht Chionmhar agus olltoghchán stairiúil 1918.





Fógráin toghcháin do pháirtithe agus iarrthóirí éagsúla



Sliocht as clár toghthóirí Chill Charthaigh, 1936



P. R. ELECTION.
TRANSFER OF Kelly 's SURPLUS

Torthaí toghcháin áitiúla ag úsáid ionadaíocht chionmhar den chéad uair, 1920



Local Government Supplement.


Clár toghthóirí, fir agus mná, 1914



Liosta de stáisiúin vótála, Olltoghchán 1918


THE NEW FRANCHISES AND THE NEW REGISTRATION AND ELECTORAL METHODS


Treoir don oifigeach ceannais, Olltoghchán 1918


Clár toghthóirí Ráth Bhoth, 1889


Clár toghthóirí, Illies, fir amháin, 1914


Election for Donegal Division of the County of Donegal.
INSTRUCTIONS for the PRESIDING OFFICER

Treoir don oifigeach ceannais, Olltoghchán 1918


Eolas faoi cháilitheacht mná os cionn 30 le haghaidh vótála, 1918

## Turas tríd an stair: Íomhánna as Cartlann Contae Dhún na nGall

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Design+print brownprintersltd T: (074) 91 21387.

# CLG i nDún na nGall



*Foireann camógaíochta ban*



*Aontraim V Leitir Ceanainn, 1947*



*Buaiteoirí Chraobh Peile Dhún na nGall Béal Átha Seanaidh, 1929*





*Póstaer, 1950í*




*Póstaer, 1954*



*Elena King ag seoladh Chartlann CLG , 2012*





*Dún na nGall V An Dún*




Bunaíodh cumainn pheile agus iomána den chéad uair sna 1880í malla i gContae Dhún na nGall. In 1905 scairt Séamas Mac Mánais as Conradh na Gaeilge cruinniú i dTamhnach an tSalainn le CLG a bhunú go foirmiúil. Ach, níor thosaigh na cluichí Gaelacha i gceart sa chontae go dtí gur tháinig Bord an Chontae le chéile arís in 1919. Sna 1920í bunaíodh cumainn úra agus d'éirigh múinteoirí agus gardaí gníomhach san eagraíocht. Bhí Seán Mac Cumhaill, iaróglach i gCogadh na Saoirse, fíorthábhachtach i bhforbairt CLG i nDún na nGall go bhfuair sé bás in 1949. De réir a chéile, le himeacht na mblianta bhí ní ba mhó ráchairte ar an pheil ná ar an iomáint. Bhain foireann peile an chontae Craobhchomórtas Peil Sinsear Uladh roinnt uaireanta ó na 1970í ach bhain siad Craobhchomórtas na hÉireann den chéad uair in 1992 agus arís in 2012.

Fágadh Aircíví Bhord Contae Dhún na nGall de CLG leis an tSeirbhís Aircíví in 2006; thug Seosamh Ó Lochlainn bailiúchán mór de ghrianghraif CLG chomh maith.

Sa bhailiúchán seo, ó 1927 go 2012, tá éagsúlacht leathan ábhair ann ina léirítear réimse gníomhaíochtaí CLG i gContae Dhún na nGall. Istigh ann tá leabhair miontuairiscí, comhfhreagras, taifid airgid agus tuairiscí, ina léirítear an obair taobh istigh de bhord an chontae. Tá aircíví ann fosta ó choistí éagsúla bhord an chontae, lena n-áirítear na boird réigiúnacha, bord na mionúr agus bord na hiomána; agus rudaí a bhaineann le forbairt na camógaíochta.
I measc na n-íomhánna sa taispeántas seo tá grianghraif, sleachta as tuairiscí agus cláir cluichí, ticéid, póstaeir agus comhfhreagras.





*Ceann Litreach, CLG Dhún na nGall*

cumann camoguidheachta na nGaedeal
comhairle uladh


*Lógó do Chamógaíocht Uladh*

PAURIC GALLAGHER
MEMORIAL MATCH
1982 DONEGAL TEAM
(U-21 All-Ireland Champions)
vs.
ALL STAR SELECTION
MONDAY 30th OCTOBER, 1989
FR. TIERNEY PARK, BALLYSHANNON
Throw-in 3.00 p.m.
Admission £2.00


*Ticéad chuig cluiche 1989*




*Tuairisc faoi liathróid láimhe i nDún na nGall, 1981*





*Liosta de luathchluichí Dhún na nGall*



*Litir faoin chamógaíocht, 1933*





*Fodhlíthe CLG, 1932*




*Bliainiris 1982*




*Póstaer Tiomsú Airgid 1954*




*Clár do Chomórtas Peile, 1975*




*Ticéad do Chluiche Ceannais Peile na hÉireann, 2012*

## Turas tríd an stair: Íomhánna as Cartlann Contae Dhún na nGall

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Design+print browneprintersltd T: (074) 91 21387.

# Aircíví Eisimirce Dhún na nGall




Imeacht as Toraigh le Tarlú Meán Fómhair 1965



An soitheach éadaigh an "Erin" (1835) ó Líne McCorkell Dhoire



An soitheach éadaigh An "Mohongo" (1851)
ó Líne McCorkell Dhoire



Canada Homestead Certificate.

WINNIPEG AGENCY, 622, MAIN STREET.
ARTHUR F. EDEN, Esq., Manager.

NOTE.
When taking up Government Land (Free Grant of 160 Acres) the enclosed Certificate will be received as cash for its face value by any Dominion Land Agent, in Manitoba and the North West Territory.

Teastas Áitribh 1890í



Emigrant Information Bureau

Parish Welcome Home

to Emigrants, their Families, Friends and General Public

in FIESTA BALLROOM,

on SUNDAY, 23rd JULY, 1967

at 8 p.m.

MUSIC ● SONGS ● DANCES

Admission 4/-

Teas, Light Refreshments at Moderate Charges

Fáilte Chun an Bhaile sa Pharóiste 1967



No. 8991 $1.00.

Canada Homestead Settlement Company, Limited,

AND

The Free Homestead Company, Limited.

JOINT CERTIFICATE.


THIS CERTIFICATE entitles ... to ONE DOLLAR when he makes a Homestead Entry at any Dominion Lands Office in Manitoba or the North West Territories.

Comhtheastas an Canada Homestead Settlement Company Ltd.
& an Free Homestead Company Ltd. 1890í


300,000 an daonra a bhí ag Contae Dhún na nGall in 1841, ach faoi 1971 bhí sé i ndiaidh titim go 108,544. Tá go leor taifead i gCartlann Dhún na nGall, lena n-áirítear taifid Aontas Dhlí na mBocht agus taifid Bhord Sláinte agus Cúnamh Poiblí Dhún na nGall, a chuireann lenár dtuiscint ar an chúis ar tharla laghdú ar scála chomh mór sin ar an daonra agus ar eisimirce.

In 1842 deir Coimisinéirí Dhlí na mBocht ina dtuarsacáil bhliantúil gur 'fiú a mheas an féidir socrú éigin a dhéanamh le roinnt daoine óga a chur chuig na coilíneachtaí'. Ina thráchtas in 1940, cuireann Patrick O'Neil síos ar chruachás na ndaoine ina gcónaí ar Bhord Farraige Iarthar Dhún na nGall: 'Le nach dtarlóidh arís a leithéid de thubaiste b'éigean dó a shaol a chur in oiriúint do struchtúr sóisialta a bhí athraithe i ndiaidh an ghorta mhóir agus bealach éalaithe a lorg ón ghabhháltas bocht talamh feirme agus san eisimirce agus san imirce shéasúrach'.


I luathbhlianta an naoú haois déag thaisteal eisimircigh Éireannacha ar shoithigh éadaigh ach faoi dheireadh an chéid bhí bunús na ndaoine ag taisteal ar bháid ghaile. Sa taispeántas s'againn tá íomhá de shoitheach éadaigh darbh ainm Mohongo. Choimisiúnaigh Líne McCorkell Dhoire tógáil na loinge in 1851 in New Brunswick. Rinne sí corradh le céad turas trasna an Atlantaigh Thuaidh gan mórthubaiste ar bith. D'iompair an Mohongo paisinéirí as Doire agus bhí eolas air in Quebec, Saint John, Nua-Eabhrac, Baltimore, New Orleans agus an chuid is mó de Philadelphia, an calafort ar thug sí chuige na mílte agus na mílte d'eisimircigh Éireannacha. Sa taispeántas fosta tá litreacha, sleachta as Tuarascáil Bhliantúiil Choimisinéirí Dhlí na mBocht 1842, sliocht as dialann, ticéid le taisteal trasna an Atlantaigh, grianghraif, staitisticí Aontas Bhéal Átha Seanaigh ar líon na n-eisimirceach in 1882, agus nuachtlitir ó Bhun an Phobail san 1960í d'eisimircigh.




Dialann James Steele Nicholson, ag tabhairt aghaidh ar an Astráil, 1880



Ar 2 Iúil 1882, scríobhann eisimirceach, James Keown, ó Bluff, Michigan



Sliocht as Tuarascáil Bhliantúil Choimisinéirí Dhlí na mBocht 1842




REVISED BY THE LOCAL GOVERNMENT BOARD, JUNE, 1879.

Forms 4 a & 4 b.

BALLYSHANNON UNION.

Iris Choimriúcháin Aontas Bhéal Átha Seanaidh ina dtaispeántar "líon agus costas na n-eisimirceach le linn na sé mhí a chríochnaigh Meán Fómhair 1892"




The Moville Emigrant


"Eisimirceach Bhun an Phobail", Newsletter, Earrach 1969




Daniel Doherty, imirceach go Boston,
ag bualadh leis an Uachtarán de Valera, 1964




Leathanach ó Tráchtas le Patrick O'Neill, "Social and Cultural Study of Crofter Life on the West Donegal Seaboard", 1940



Litir ó James Clarke, eisimirceach, chuig a mhuintir, gan dáta



Ticéad conartha den dara grád le haghaidh taisteal le "White Star Line", 1910 – 1920



ALLAN LINE STEAMERS


Ticéad conartha den tríú grád (stíris) le haghaidh taisteal le "Allan Line Steamers", 1910 – 1920

## Turas tríd an stair: Íomhánna as Cartlann Contae Dhún na nGall


Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Design+print brownesprintersltd T: (074) 91 21387.

# Léarscáileanna de Chontae Dhún na nGall



*Léarscáil S.O. ag taispeáint 'Spade Foundry, Toberslane' agus 'Spade Manufactory, Imlick', 1830í – 1840í*




*Léarscáil S.O. ag taispeáint "Seanmhuileann Gaoithe (ina bhallóga)", An Bhráid 1830í – 1840í*




*Armas an Ard-Ghiúiré, Barúntacht Ráth Bhoth 1830í*




*Grianghraif ó bhailiúchán Simm de "Carraig an Bhráthar Uí Éigeartaigh"*



*Sean-eaglais agus Tobar Mhálanna*





*Carraigeacha Aifrinn Inis Eoghain, c. 1960'*


Tá bailiúchán mór de léarscáileanna agus pleananna i gCartlann Contae Dhún na nGall. Is taifid thábhachtacha iad seo de stair pholaitíoch, shóisialta agus chultúrtha an chontae agus dá áit sa domhan. Mar shampla, tig linn an tábhacht a thuiscint a bhain le Purgadóir Phádraig, suíomh olithreachta Loch Dearg de bhrí go bhfuil sí le feiceáil ar léarscáileanna an luath-renaissance san Eoraip. In 1492, luaigh Martin Behaim Purgadóir Phádraig ar a léarscáil den domhan. Ba sin an t-aon áit in Éirinn arbh fhiú leo a lua. Lean clú Loch Dearg mar áit oilithreachta ar feadh na gcéadta bliain. Oíche Shamhna 1835, scríobhann John O'Donovan, mar chuid dá chuid oibre d'Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis ó 'Ballyshanny' mar seo a leanas: 'A dhuine uasail, thug mé cuairt ar an phurgadóir ar talamh sin a bhfuil clú i bhfad i gcéin air, mar atá, Loch Dearg ….'.

Thosaigh Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis a dhéanamh suirbhé ar Éirinn i lár na 1820í agus faoi 1846 bhí na suirbhéirí réidh lena gcuid oibre léarscáil a dhéanamh den chontae uilig ar scála iontach mionsonraithe. Le cois mapáil a dhéanamh ar na bailte fearainn agus na gnéithe tíreolaíochta uilig sa chontae, léirítear i léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis de Dhún na nGall (1830í – 1840í) muilte arbhair agus áitheanna, muilte ramhraithe, toibreacha beannaithe, scoileanna, tithe pobail, reiligí, caisleáin, coraí, cairéil agus mórán eile.


Sa taispeántas s'againn tá léarscáileanna Suirbhéireacht Ordanáis, léarscáileanna agus pleananna údaráis áitiúla Chontae Dhún na nGall, léarscáil Baptista Boazio d'Éirinn 1599, bunghreanadh W. Beaufort de Loch Dearg 1804, Armas Ard-Ghiúiré Dhún na nGall, Barúntacht Ráth Bhoth sna 1830í, agus léarscáil de Charraig Aifrinn Inis Eoghain, c.1960.




*Tobar an Dúin ar Léarscáil S.O.1905*





*Tobar an Dúin 1857*





*Dearadh do Theachíní Oibrithe*





*Dearadh do Theachíní Oibrithe (ina bpéirí nó ina Réimsí)*




*Ó Léarscáil d'Éirinn le Baptista Boazio, 1599*





*Léarscáil de Chontae Dhún na nGall*




*Léarscáil S.O. de Ghabhla 1830í – 1840í*





*Léarscáil de Chontae Dhún na nGall 1886*




*Léarscáil de Leifear le Richard Bartlett 1600*




*Léarscáil de Phurgadóir Phádraig, Loch Dearg, 1804*



*Tuama Néill Mhóir , sceitse as Illustrated Handbook of The Scenery and Antiquities of South – Western Donegal, 1872*




*Comhairle CeantaIr Thuaithe Inis Eoghain: Teachíní Oibrithe a Mholtar*

## Turas tríd an stair: Íomhánna as Cartlann Contae Dhún na nGall


Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Design+print **browneprintersltd** T: (074) 91 21387.

# Scoileanna agus Scolaíocht i nDún na nGall



Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua c.1900




Scoil Náisiúnta Loch an Ghleanna




Seomra ranga, Clochar Loreto, Leitir Ceanainn c.1960



Daltaí Scoil Náisiúnta Buachaillí Shrath an Urláir, 1928 – 1931



Scoil Chairte na Ráithe




Scoil Náisiúnta Phádraig gar don Dún Riabhach

Coinníonn Cartlann Dhún na nGall leabhair rolla agus leabhair thinrimh ó níos mó ná 100 scoil naásiúnta ó na 1850í go dtí na 2000í. Sa bhailiúchán fosta tá leabhair miontuairiscí, ciorcláin, tuairiscí cigirí agus eolas faoin tsiollabas ó 1794 go dtí an lá inniu. I gCartlann an Chontae tá dhá imleabhar ón aon Scoil Chairte amháin i nDún na nGall, Miontuairiscí Scoil Chairte na Ráithe, 1794 – Bealtaine 1802 agus Clár Cuairteanna Cigire/Dochtúra Scoil Chairte na Ráithe 1813- 1821. Tugann na himleabhair seo spléachadh nach gnách ar an tsaol i nDún na nGall ag deireadh an ochtú haois déag agus tús an naoú céad déag. In 1796 i bhfardal Scoil Chairte na Ráithe tá liosta na n-earraí sa scoil lena n-áirítear "6 chíor choirn, 2 chorn dúigh, 1 dosaen scuab agus 1 dosaen spúnóg choirn ...."


Ar 2 Iúil 1813 tagann cigire ar cuairt chuig an scoil agus seo an tuairisc atá aige ar an chuairt: 'Thug mé cuairt ar an scoil an lá seo ar a 9 a chlog. Chonaic mé na buachaillí ag ithe ag bricfeasta brachán agus bainne maith agus go leor ann, chuala iad ag ceol sailm go hiontach maith ....'

In 1831 bhunaigh an Rialtas córas na Scoileanna Náisiúnta agus sa deireadh bhí Scoil Chairte na Ráithe istigh sa chóras nua. Sa chóras nua Scoileanna Náisiúnta bhí córas cigireachtaí scoile agus tugann tuairiscí Chigirí Ceantair na Scoileanna eolas dúinn ar an dóigh a bhí ar na scoileanna ó na 1830í amach.

Ar 13 D.F., 1860 tuairiscíonn cigire ceantair scoileanna náisiúnta go bhfuil seomra ranga 'fuar agus tais – caithfear é a choinneáil níos teo – ba bhreá dá mbeadh cláir ar an urlár – mar atá, tá an seomra iontach míchompordach agus is cinnte go gcuireann sé isteach ar shláinte na múinteoirí agus na ndaltaí....'.
Sa taispeántas s'againn tá íomhánna ó leabhair thinrimh agus ó leabhair rollaí, tuairiscí cigirí, tuairiscí ar dhul chun cinn curaclaim, agus sceitsí agus grianghraif de scoileanna agus daltaí.




Leabhar Oibre Scoil Náisiúnta Fhionntrá 1967




Salaries of Teachers of National Schools (Scale of 1885.)


Scale of Salaries for Principal and Assistant Teachers.

| | Males | Females |
|---|---|---|
| First Class, First Division, | £70 a year. | £58 |
| Old Second Division of First Class, | 60 " | 50 |
| New Second Division of First " | 53 " | 43 |
| Old First Division of Second " | 46 " | 37 |
| New Scale for First and Second Divisions of Second, " | 44 " | 34 10s. |
| Third Class, - - " | 35 " | 27 10s. |
| Assistants, - - " | 35 " | 27 |
| Workmistresses, - - " | — " | 12 |

Tuarastail múinteoirí sna Scoileanna Náisiúnta (Scála 1885)



Curaclam ghráid na dtachrán ó Thuairisc Dhul Chun Cinn Scoil Náisiúnta an Droim Bhig 1920 – 1921




20 REGISTER OF


| Date of Entrance, 1872. | Register Number. | Pupils' Names in Full. | Age of Pupil last Birth Day. | Religious Denomination. | Residence. | Occupation or Means of Living of Parents. | School. | County. | Class |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| May 17th 1869 | 16 | 1 Sarah Kennedy | 8 | R.C | Main St | Tailor | Donegal F. 2 | Donegal | I |
| " " " | 17 | 2 Alice Slavin | 6 | R.C | Main St | Shopkeeper | Donegal F. 2 | Donegal | II |
| 24th " | 18 | 3 Annie McGettigan | 9 | R.C | Drumrooske | Farmer | Donegal F. 2 | Donegal | II |
| June 14th " | 19 | 4 Mary McGolrick | 11 | R.C | Main St | Shopkeeper | Donegal F. 2 | Donegal | I |
| Sep 20th " | 20 | 5 Mary A. McMullin | 6 | R.C | Main St | Shopkeeper | Donegal F. 2 | Donegal | – |

Results of Examination.


Leathanach ó Chláir Thinrimh do Scoil Aodh Rua agus Nuala, 1872




Leathanach ó Thuairisc Chigireachta Scoil Náisiúnta Fhionntrá, Samhain 1860



Miontuairiscí Scoil Chairte na Ráithe 1794 – 1802



Ag dul ar scoil sna Cruacha Gorma, 1920í



NATIONAL EDUCATION, IRELAND.

CERTIFICATES

OF

PARENT OR GUARDIAN, TEACHER, AND INSPECTOR

IN CASE A

PARENT OR GUARDIAN

SHOULD WISH HIS CHILD TO RECEIVE

RELIGIOUS INSTRUCTION

FROM A


TEACHER WHO IS OF A DIFFERENT RELIGIOUS DENOMINATION FROM THE CHILD,

OR FROM A


Teacher who gives any Religious Instruction different from that which is in accordance with the Creed of the Child.

DUBLIN:
PRINTED BY ALEX. THOM & CO. (LIMITED), 87, 88, & 89, MIDDLE ABBEY-STREET,
THE QUEEN'S PRINTING OFFICE.
FOR HER MAJESTY'S STATIONERY OFFICE.
1899.

Teastas Tuismitheora nó Caomhnóra, Múinteora nó Cigire ar eagla go mbeadh an Tuismitheoir nó an Caomhnóir ag iarraidh go bhfaigheadh a bpáiste teagasc reiligiuin ó mhúinteoir de reiligiún eile ón pháiste....



Ó Scoilbhliain 1918 – Plean Nua an Chomhlachta Oideachais de Thuairisc Oibre agus Dul Chun Cinn do Scoil Náisiúnta Charn Domhnach




Curaclam ghráid na dtachrán ó Thuairisc Dhul Chun Cinn Scoil Náisiúnta an Droim Bhig 1920 – 1921

## Turas tríd an stair: Íomhánna as Cartlann Contae Dhún na nGall


Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Design+print browneprintersltd T: (074) 91 21387.


# Tithe na mBocht i nDún na nGall




*Plaic taobh amuigh de theach na mbocht Bhéal Átha Seanaidh*




*Liosta soláthairtí do theach na mbocht Bhéal Átha Seanaidh, 1918*




*Clár Fóirithint Faoi Dhíon Dhún Fionnachaidh*



*An chéad chruinniú de Bhord Caomhnóirí Bhaile na nGallóglach, Lúnasa 1841*



*Tuairisc chigireacht sláinte phoiblí Shrath an Urláir, 1887*



*Tuairisc Choimisinéirí Dhlí na mBocht, Éire, 1850*


*Iarrann dochtúir i dteach na mbocht Shrath an Urláir saoire, 1880*

De bharr bochtaineacht fhorleathan in Éirinn tháinig Acht Dhlí na mBocht (Éire) in 1838. Faoin acht sin bhí an tír roinnte in aontais dhlí na mbocht, gach ceann acu agus teach na mbocht ina lár. Is faoi stiúir Choimisinéirí Dhlí na mBocht a bhí na haontais go dtí 1872, ansin faoi stiúir an Bhoird Rialtas Áitiuil. 'Bord Caomhnóirí' a bhainistigh gach aontas agus ba é a ndualgas sin maoirsiú a dhéanamh ar reáchtáil na dtithe uilig.

Tugadh de chumhacht do na Caomhnóirí 'fóirithint a thabhairt agus iad a chur ag obair…. na bochtáin fhágtha mar gheall ar aois, ar éagruas nó ar mhícumas a mbeadh sé doiligh acu cuidiú leo féin, agus páistí dealbha….[agus daoine eile] nach bhfuil ábalta 'cuidiú leo féin trína gcuid oibre, nó trí dhóigh dhleathach ar bith eile'.
Ní raibh ceart reachtaíochta ag duine ar bith ar fhóirithint faoin Acht; bhí sí le tabhairt de réir bhreithiúnas na mBord. In 1847, áfach, nuair a bhí an Gorta ag déanamh scrios ar shaol daoine, d'aithin an Stát an ceart ar fhóirithint ag grúpaí áirithe, na daoine dealbha san áireamh.
I gContae Dhún na nGall tógadh ocht dteach na mbocht sna 1840í: i mBéal Átha Seanaidh, Dún na nGall, Dún Fionnachaidh, na Gleannta, Inis Eoghain (Carn Domhnach), Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach agus Srath an Urláir.


Bhí an saol i dteach na mbocht garbh, scaradh teaghlaigh óna chéile, bhí an obair crua agus bhí an bia gann agus leamh, cé gur tháinig feabhas ar chúrsaí de réir a chéile go mall sa 19ú céad. Chuir rialtas an tSaorstáit deireadh go foirmiúil le tithe na mbocht in 1922.


Sa bhailiúchán tá miontuairiscí chruinnithe na mbord, cláir thinrimh fóirithint istigh agus amuigh, leabhair miontuairiscí íoclainne, leabhair chothaithe, leabhair thinrimh leighis, cláir iontrála agus bháis, leabhair pinsin, fógraí oifigiúla, staitisticí, comhfhreagras, roinnt grianghraf agus cuntas. Tá sampla beag den bhailiúchán saibhir ilghnéitheach seo ar taispeáint don taispeántas s'againn.



*Caomhnóirí Inis Eoghain, go mall 19ú céad*





*Fógra móna sna Gleannta*



*Máistir, teach na mbocht Leitir Ceanainn, 1912*


*Iarratas ó chime i dteach na mbocht Leitir Ceanainn 1865*



*Plean Choimisinéirí Dhlí na mBocht do thithe na mbocht in Éirinn*


*Fógra faoi aistriú othair chuig teach na mbocht Inis Eoghain, 1882*



*Leabhar pinsin, teach na mbocht Bhaile na nGallóglach*





*Cruinniú de Bhord Caomhnóirí Shrath an Urláir, 1874*




*Fógra Shrath an Urláir faoi rátaí , 1882*


*Tuairisc faoi eisimirce ó theach na mbocht Leitir Ceanainn, 1875*


*Teach na mbocht Bhéal Átha Seanaidh, 2010*



*Fógra faoi vaicsíniú, Baile an tSratha, 1920*



*Bileog chothaithe teach na mbocht na nGleannta, 1860í*

## Turas tríd an stair: Íomhánna as Cartlann Contae Dhún na nGall

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Design+print browneprintersltd T: (074) 91 21387.